Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14456/19**

**DEVGEN 213**
**SUSTDEV 165**
**ACP 136**
**RELEX 1090**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Samhain 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12700/19 |
| Ábhar: | Aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas i dtíortha comhpháirtíochta - Conclúidí ón gComhairle (25 Samhain 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le haghaidh a thabhairt ar an neamhionannas i dtíortha comhpháirtíochta, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3732ú cruinniú a bhí aici ar an 25 Samhain 2019.

**Aghaidh a thabhairt ar éagothroime i dtíortha comhpháirtíochta**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. Tugann an Chomhairle dá haire agus is ábhar imní di gurb iomaí tír chomhpháirtíochta atá thíos leis go fóill de bharr leibhéil neamhionannais atá níos airde ná mar a bhí siad 30 bliain ó shin, agus ar bagairt iad ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar chur chun feidhme Chlár Oibre 2030. Aithníonn an Chomhairle cineál iltoiseach an neamhionannais, lena gcuimsítear gnéithe eacnamaíocha, sóisialta, polaitiúla agus comhshaoil agus gur gá aird a thabhairt air sin go práinneach.

2. Tugann an Chomhairle dá haire gur coscán mór é an neamhionannas a mhéid a bhaineann le díothú na bochtaineachta agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe. Is féidir leis a bheith ina bhagairt ar an daonlathas, ar chomhtháthú sóisialta agus cuimsiú sóisialta, ar athléimneacht agus cobhsaíocht. Is féidir leis an neamhionannas cur le díghrádú an chomhshaoil, leis an athrú aeráide agus leis an easáitiú éigeantach agus is féidir leis a bheith ina chúis le himirce neamhrialta. Is ábhar imní don Chomhairle go bhfuil an baol ann go ndéanfaidh an t-athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil dochar do chumas na dtíortha forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, acmhainní nádúrtha a bhainistiú go hinbhuanaithe agus an bhochtaineacht agus an neamhionannas ina chineálacha éagsúla a dhíothú.

3. Meabhraíonn an Chomhairle gur deis atá i gClár Oibre 2030 don athrú dearfach. Thairis sin, meabhraíonn an Chomhairle Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 10 "*Reducing inequality within and among countries*" [An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus ina measc] agus go gcuirtear dul i ngleic leis an neamhionannas i dtábhacht ar fud Chlár Oibre 2030, toisc gur féidir leis dlús a chur le dul chun cinn ionsar chuid mhór de na spriocanna eile, lena n-áirítear SDG 1, "*End poverty in all its forms everywhere*" [Deireadh a chur le gach cineál bochtaineachta gach áit], agus go bhfuil sé ríthábhachtach chun an gealltanas gan aon duine a fhágáil ar lár agus féachaint le dul chomh fada leo siúd is faide ar gcúl i dtús báire.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur tosaíocht inmheánach agus sheachtrach de chuid an Aontais Eorpaigh é dul i ngleic leis an neamhionannas agus go bhfuil an comhionannas agus an dlúthpháirtíocht ar cheann de na luachanna agus na prionsabail lena dtreoraítear an tAontas Eorpach agus a ghníomhaíocht sheachtrach, mar a leagtar amach sna Conarthaí iad. Meabhraítear sa Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh an gealltanas maidir le bochtaineacht agus an neamhionannas a chomhrac, agus déantar é ina thosaíocht de bheartas forbartha an Aontais sa Chomhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt an bhochtaineacht a dhíothú agus dul i ngleic leis an idirdhealú agus leis an neamhionannas.

5. Meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí uaithi an 8 Iúil 2019 maidir le "*Supporting the Sustainable Development Goals across the world*" [Tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar fud an domhain][1], ina léirítear gur díol sásaimh di go háirithe iad na hiarrachtaí feabhsaithe atá á ndéanamh ag an Aontas gona Bhallstáit dul chomh fada leo siúd atá in anchaoi agus dul i ngleic le gach cineál neamhionannais, i gcomhréir leis an bprionsabal nach bhfágfaí aon duine ar lár agus leis an aidhm nach n-aistreofaí an neamhionannas ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle an Doiciméad Inmheánach Oibre ón gCoimisiún, "*Implementation of the New European Consensus on Development - Addressing inequality in partner countries*" [Cur chun Feidhme an Chomhdhearcaidh Eorpaigh Nua maidir le Forbairt - Aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas i dtíortha comhpháirtíochta], agus é ina rannchuidiú luachmhar i ndáil le machnamh a dhéanamh ar conas laghdú an neamhionannais i gcomhar an Aontais um fhorbairt a chomhtháthú a thuilleadh, i gcomhréir leis an gComhdhearcadh, ina n-iarrtar ar an Aontas agus ar a Bhallstáit a n-uirlisí agus a gcuir chuige a neartú le go mbeidh siad níos éifeachtaí i dtaca le haghaidh a thabhairt ar an neamhionannas agus laghdú an neamhionannais a phríomhshruthú ina gcomhar um fhorbairt.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an cruinniú Fóram Ardleibhéil Polaitíochta na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe, ag a raibh SDG 10 ar na spriocanna a bhí faoi athbhreithniú, agus tugann sí dá haire torthaí Thuarascáil 2019 na Náisiún Aontaithe Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, ina mbunaítear gur ábhar imní leanúnach é an neamhionannas méadaitheach i measc tíortha agus laistigh díobh. Thairis sin, tugann an Chomhairle dá haire an Tuarascáil maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe Domhanda, ina dtugtar aird air nach mbainfear na SDGanna amach mura dtabharfar aghaidh ar an neamhionannas san fhorbairt idirnáisiúnta.

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil cearta an duine, an dea-rialachas agus an smacht reachta ríthábhachtach chun daoine i staideanna leochaileacha a chumhachtú agus tacú leo agus chun an bhunsraith is fearr a dhéanamh do shochaithe síochánta cuimsitheacha. Aithníonn an Chomhairle freisin an ról tábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta mar spreagadh don athrú. Cuireann an Chomhairle i dtreis a ríthábhachtaí atá sé próisis dhaonlathacha a chumasú, lena mbíonn sé d'acmhainn coinbhleachtaí a sheachaint agus a bhainistiú agus sochaithe cobhsaí síochánta a chumasú.

---

1 10997/19

9. Ní mór aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar an idirdhealú mar chúis neamhionannais agus ina chineálacha go léir, lena gcuimsítear *inter alia* eitneacht, inscne, aois, míchumas, reiligiún nó creideamh, claonadh gnéasach agus féiniúlacht inscne. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na dlíthe agus na noirm idirdhealaitheacha freisin. Chun comhionannas inscne a bhaint amach, ba cheart cearta agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a chur chun cinn le SDG 5 a bhaint amach.

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt (PCD) san obair chun na SDGanna a bhaint amach agus an t-idirdhealú a laghdú. Aithníonn an Chomhairle freisin an breisluach a bhaineann le PCD mar rannchuidiú mór leis an gcuspóir níos leithne maidir le comhtháthú beartas don fhorbairt inbhuanaithe. Tá sásraí agus uirlisí comhordaithe láidre, amhail beartas an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr, ríthábhachtach i gcónaí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát chun grinnscrúdú a dhéanamh ar bheartais agus ar mhaithe le PCD a chur i bhfeidhm go héifeachtach i gcomhthéacs chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 an Aontais agus an neamhionannas a laghdú. Ba cheart a áirithiú freisin idirphlé feabhsaithe le geallsealbhóirí éagsúla, amhail údaráis áitiúla agus réigiúnacha, an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.

11. Tugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn maith atá déanta ag comhar an Aontais um fhorbairt i ndáil le haghaidh a thabhairt ar spreagthaí an neamhionannais i dtíortha comhpháirtíochta trí bheartais agus idirghabhálacha i réimsí ábhartha.

12. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar spreagthaí an neamhionannais i dtíortha comhpháirtíochta agus i gcomhar forbartha an Aontais agus na mBallstát, go háirithe trí thionchar na mbeartas agus na ngníomhaíochtaí atá ann cheana a mhéadú chomh maith le cuir chuige nua a cheapadh, lena n-áirítear tríd an méid a leanas:

a) cur chun feidhme cur chuige cearta-bhunaithe maidir leis an gcomhar um fhorbairt a neartú;

b) an comhionannas inscne a chur chun cinn trí chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Inscne an Aontais (2016-2020) a neartú maille le beartais ábhartha eile de chuid an Aontais;

c) an daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta a chur chun cinn trí chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas (2015-2019) a chur chun cinn, lena n-áirítear an gealltanas tacú le cinnteoireacht atá freagrúil, rannpháirteach agus ionadaíoch agus cur leis an bhfócas ar chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha ina bheartas seachtrach;

d) tuilleadh a infheistiú i bhforbairt dhaonna, go háirithe i réimse na sláinte agus an oideachais chuimsithigh agus inrochtana do chách, lena n-áirítear oideachas bunúsach, an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint chomh maith leis an ardoideachas, agus cuir chuige trasearnála á gcur chun cinn chun éifeachtúlacht na n-infheistíochtaí seo a uasmhéadú;

e) patrúin chuimsitheacha inbhuanaithe fáis a chur chun cinn a rachaidh chun tairbhe an 40 % is lú den dáileadh ioncaim trí bheartais fhioscacha agus beartais mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear beartais phá agus slógadh acmhainní intíre, agus neamhionannais atá ann cheana a chomhrac ag an am céanna;

f) tacú le córais chosanta shóisialta atá inbhuanaithe agus uilíoch, lena dtugtar rochtain uilíoch ar sheirbhísí bunúsacha ar fáil agus lena dtugtar tacaíocht do chleachtais shóisialta nuálaíocha;

g) tacú le fostaíocht mhaith a chruthú go háirithe don aos óg agus dóibh siúd atá ina gcónaí faoi bhochtaineacht agus ag obair san earnáil neamhfhoirmiúil, chomh maith le fostaíocht iomlán do na mná;

h) infheistíocht agus comhar inbhuanaithe leis an earnáil phríobháideach a chur chun cinn, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide; an earnáil phríobháideach a spreagadh chun rannchuidiú le SDGanna a chur chun feidhme trí chomhpháirtíochtaí margadh-bhunaithe cuimsitheacha, trí infheistíochtaí agus samhlacha gnó a bheadh ar aon dul leis na prionsabail a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le hIompar Gnó Freagrach;

i) gníomhaíocht a neartú chun an t-athrú aeráide a mhaolú, cumas na bpobal iad féin a oiriúnú dá chuid éifeachtaí a mhéadú, an athléimneacht a chothú agus an bhithéagsúlacht a chosaint mar aon le bainistiú inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha;

j) leas a bhaint as an digitiú, an nascacht agus an athrú teicneolaíochta chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar, taighde eolaíoch agus nuálaíocht ar bhealach lena bhfeabhsaítear cuimsiú.

13. Measann an Chomhairle gur cheart don Aontas gona Bhallstáit laghdú an neamhionannais a phríomhshruthú i dtimthriall an chláir agus an tionscadail tríd an neamhionannas a chomhtháthú a thuilleadh in anailísí ar staid tíre agus cláir cúnaimh tíre a fhorbairt, lena n-áirítear trí mheasúnú *ex ante* ar thionchair an neamhionannais agus ar tháscairí a bhaineann le neamhionannas i gcláir agus i dtionscadail i gcás inar féidir.

14. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go leanfaidh an tAontas gona Bhallstáit de bheith ag obair níos fearr le chéile, e.g. tabhairt faoi chuir chuige chomhpháirteacha ar leibhéal na tíre i gcás inarb ábhartha, chun an neamhionannas a laghdú i dtíortha comhpháirtíochta. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin an tábhacht atá le comhpháirtíochtaí neartaithe ann le comhpháirtithe idirnáisiúnta, leis an earnáil phríobháideach, leis an lucht léinn, leis an tsochaí shibhialta agus le geallsealbhóirí ábhartha eile. Sa chomhthéacs sin aithníonn an Chomhairle tionscnamh G7 "*Gender at the Center*" [Tús áite do chúrsaí Inscne] maidir le dul i ngleic le neamhionannais idir mná agus fir.

15. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá le rannpháirtíocht shainoiriúnaithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shonracha agus ar dhinimicí uathúla neamhionannais na dtíortha comhpháirtíochta. I ndáil leis sin, tugann an Chomhairle dá haire, maidir le tíortha íseal-ioncaim ina bhfuil ardleibhéal bochtaineachta agus ardleibhéal neamhionannais araon, tá ról tábhachtach i gcónaí ag cúnamh forbartha oifigiúil i dtaca le ceapadh agus cur chun feidhme na mbeartas um an neamhionannas a laghdú. Áirítear ar an rannpháirtíocht maidir le beartais neamhionannais le tíortha meánioncaim, cuid mhór acu ina bhfuil líon mór daoine atá ina gcónaí faoi bhochtaineacht go fóill ina mbíonn ardleibhéil neamhionannais agus eisiaimh shóisialta go minic, go háirithe uirlisí amhail idirphlé beartas, malartú eolais agus taithí mar aon le cúnamh teicniúil, agus chuige sin, meabhraíonn an Chomhairle freisin an rannpháirtíocht le tíortha atá céim chun tosaigh i dtreo na forbartha, i gcomhréir leis an gComhdhearcadh.

16. Cuireann an Chomhairle i dtreis thairis sin an gá atá le sonraí agus faisnéis a fheabhsú, lena n-áirítear trí shonraí imdhealaithe a bhailiú, lena n-áirítear maidir le mná, páistí agus an t-aos óg, chomh maith le daoine atá faoi mhíchumas agus daoine atá ina gcónaí i bpobail imeallaithe agus i staideanna leochaileacha, agus an gá atá le hacmhainneacht institiúideach ghaolmhar a fheabhsú.

17. Measann an Chomhairle gur cheart don Aontas gona Bhallstáit dlús a chur le hiarrachtaí bearta an Aontais i dtaca leis an neamhionannas i dtíortha comhpháirtíochta a chur chun feidhme, agus na breithnithe sin a léiriú ina gcuid beartas maidir leis an gcomhar um fhorbairt.